

Ionad na dTeangacha  
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

# Teastas Eorpach na Gaeilge

Meánleibhéal 2 (B2)

Scrúdú samplach 2

Scrúdú Cainte



## An Scrúdú Cainte Meánleibhéal 2 (B2)

- Tá 25% de mharcanna iomlána an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cainte.
- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am faoi leith.
- Beidh beirt i mbun an scrúdaithe. Beidh duine amháin ag cur na gceisteanna agus i mbun stiúrtha agus measúnachta agus beidh an duine eile i mbun measúnachta an t-am ar fad agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá.
- Déanfar gach scrúdú cainte a thaifeadadh.
- Tá dhá chuid sa scrúdú seo agus tá an marc céanna ag dul do gach ceist.
- Cuirfear treoir chinnte agus oiliúint chuimsitheach maidir le measúnú ar fáil dóibh siúd a bheidh i mbun na scrúduithe cainte.
- Déanfar measúnacht ar na gnéithe seo a leanas: tuiscint agus líofacht, gramadach, stór focal, foghraíocht agus straitéisí cumarsáide.

### Cuid 1

- Comhrá ginearálta idir an t-iarrthóir agus an scrúdaitheoir a bheidh sa chuid seo den scrúdú.
- Bainfidh na ceisteanna le topaicí ginearálta a bhaineann lena saol féin faoi mar atá leagtha síos sa siollabas. Mar shampla; cúlra, caitheamh aimsire, obair, ag foghlaim Gaeilge agus araile. Chomh maith leis sin, beidh ar na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le réimse leathan ábhar a bhaineann le cúrsaí reatha. Mar shampla, na meáin chumarsáide, cúrsaí sóisialta agus dlí, an pholaitíocht agus araile. Níl gá le haon saineolas sna hábhair chun na ceisteanna a fhreagairt.
- Ag an leibhéal seo beifear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí in ann forbairt a dhéanamh ar a gcuid freagraí, cúiseanna a thabhairt agus samplaí a chur ar fáil de réir mar is gá.
- Mairfidh an chuid seo den scrúdú cainte timpeall 6-7 nóiméad ar fad

### Cuid 2

- Tabharfaidh an scrúdaitheoir bileog ar a mbeidh pictiúir/léaráidí don iarrthóir.
- Beidh ar an iarrthóir **dhá cheann** de na pictiúir/léaráidí a roghnú agus comparáid a dhéanamh eatarthu, cur síos a dhéanamh orthu, tuairimí a chur in iúl fúthu, rogha nó roghanna a dhéanamh agus a mhíniú agus ceisteanna a fhreagairt ón scrúdaitheoir.
- Sa pháipéar samplach seo táthar ag súil leis an iarrthóir comparáid a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla laethanta saoire agus tuairimí a nochtadh fúthu, rogha nó roghanna a chur in iúl chomh maith le ceist nó ceisteanna an scrúdaitheora faoin ábhar a fhreagairt.
- Caithfidh na hiarrthóirí a léiriú go bhfuil siad in ann a gcuid smaointe agus an méid atá le rá acu a eagrú mar is ceart agus go bhfuil siad in ann iad féin a chur in iúl go soiléir agus i bhfriotal cuí.
- Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 6-7 nóiméad ar fad.

## Cuid 2 (don iarrthóir)

- Féach ar na slite beatha sna pictiúir thíos.
- Roghnaigh dhá cheann acu.
- Déan cur síos ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann acu, dar leatsa.
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

